C/2024/6834

29.11.2024

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Deireadh Fómhair 2024

maidir le beartais eacnamaíocha, bhuiséadacha, fostaíochta agus struchtúracha na Sualainne

(C/2024/6834)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ([1]) ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú ([2]), agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ('an tSaoráid'), i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Cuireann an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta tacaíocht airgeadais ar fáil do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, ionas gurb é atá i gceist léi spreagadh airgeadais atá maoinithe ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh um chomhordú an bheartais eacnamaíoch, cuidíonn sí ó thaobh an téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta a bhaint amach, agus ó thaobh athchóirithe agus infheistíochtaí inbhuanaithe a chur chun feidhme, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun cinn agus chun cur le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus cruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

(2) Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) ('Rialachán REPowerEU'), a glacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur de réir a chéile le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Ba chuidiú é sin ó thaobh an tslándáil fuinnimh a bhaint amach agus soláthar fuinnimh an Aontais a éagsúlú, agus san am céanna, thiocfadh méadú dá bharr ar ghlacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh, ar acmhainneachtaí stórála agus ar an éifeachtúlacht fuinnimh. Chuir an tSualainn caibidil nua REPowerEU lena plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun go maoineofar athchóirithe agus infheistíochtaí ríthábhachtacha a chuideoidh le cuspóirí REPowerEU a bhaint amach.

(3) An 16 Márta 2023 d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht dar teideal 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030', ar mhaithe le bonn eolais a chur faoi chinntí beartais agus leis na creatdálaí a chruthú chun an fás a mhéadú. Déanann an teachtaireacht an t-iomaíochas a bhunú i dtaca le naoi spreagthach a threisíonn a chéile.

([1]) IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj.
([2]) IO L 306, 23.11.2011, lch. 25, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/1176/oj.
([3]) Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).
([4]) Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/435/oj).

I measc na spreagthaí sin, is iad an rochtain ar chaipiteal príobháideach, an taighde agus an nuálaíocht, an t-oideachas agus na scileanna, agus an margadh aonair na príomhthosaíochtaí beartais maidir le hathchóirithe agus infheistíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin táirgiúlachta atá ann faoi láthair agus chun iomaíochas fadtéarmach an Aontais agus a Bhallstát a fhorbairt. An 14 Feabhra 2024, d'eisigh an Coimisiún Teachtaireacht dar teideal 'Tuarascáil Bhliantúil maidir leis an Margadh Aonair agus an Iomaíochas 2024'. Déantar cur síos sa teachtaireacht sin ar láidreachtaí agus dúshláin iomaíocha den mhargadh aonair Eorpach, agus rianú á dhéanamh ar fhorbairtí bliantúla de réir na naoi spreagthach maidir le hiomaíochas a sainaithníodh.

(4) An 21 Samhain 2023, ghlac an Coimisiún Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2024, rud a chuir tús le Seimeastar Eorpach 2024 um chomhordú an bheartais eacnamaíoch. An 22 Márta 2024, d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach tosaíochtaí Shuirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2024, tosaíochtaí atá dírithe ar na ceithre ghné den inbhuanaitheacht iomaíoch. An 21 Samhain 2023, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún freisin Tuarascáil 2024 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil ar shainaithin sé inti go bhfuil an tSualainn ar cheann de na Ballstáit a bhféadfadh míchothromaíochtaí a bheith ag baint di, nó a d'fhéadfadh a bheith i mbaol míchothromaíochtaí, agus a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2024 lena ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro ([5]) ('Moladh 2024 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro') an 12 Aibreán 2024 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 11 Márta 2024.

(5) An 30 Aibreán 2024, tháinig creat rialachais eacnamaíoch nua an Aontais i bhfeidhm. Áirítear sa chreat Rialachán nua (AE) 2024/1263 maidir le beartais eacnamaíocha agus faireachas buiséadach iltaobhach a chomhordú go héifeachtach, Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ([6]) ón gComhairle maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air, agus Treoir 2011/85/AE ([7]) ón gComhairle (arna leasú) maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát (arna leasú). Is iad cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíche nua airgeadas poiblí fónta inbhuanaithe, fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, agus easnaimh iomarcacha rialtais a chosc. Cuireann an creat rialachais eacnamaíoch nua úinéireacht náisiúnta chun cinn agus díríonn sé níos mó ar an meántéarma, agus ina theannta sin, tá forfheidhmiú níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí i gceist leis. Ní mór do gach Ballstát plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta a chur faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin. I bplean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta, tá na gealltanais fhioscacha, athchóiriúcháin agus infheistíochta a thug Ballstát, lena gcumhdaítear tréimhse phleanála 4 nó 5 bliana, de réir fhad rialta an téarma reachtaigh náisiúnta. Ní mór an chonair ghlanchaiteachais ([8]) sna pleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta ceanglais Rialachán (AE) 2024/1263 a chomhlíonadh, lena n-áirítear na ceanglais maidir le hollfhiachas rialtais a chur ar chonair anuas inchreidte, nó é a choinneáil ar an gconair sin, faoi dheireadh na tréimhse coigeartaithe, nó é a choinneáil ar leibhéil stuama faoi bhun 60 % den olltáirgeacht intíre (OTI), agus an t-easnamh rialtais ghinearálta a thabhairt faoi bhun luach tagartha an Chonartha de 3 % de OTI sa mheántéarma, nó é a choinneáil faoi bhun luach tagartha an Chonartha. I gcás ina ngeallann Ballstát sraith ábhartha athchóirithe agus infheistíochtaí a dhéanamh i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1263, is féidir síneadh suas le 3 bliana a chur leis an tréimhse choigeartaithe. Chun tacú le hullmhú na bpleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta sin, d'fhoilsigh an Coimisiún treoraíocht an 21 Meitheamh 2024 maidir leis an bhfaisnéis atá le soláthar ag na Ballstáit ina bpleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta agus ina dtuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn. I gcomhréir le hAirteagail 5 agus 36 de Rialachán (AE) 2024/1263, tharchuir an Coimisiún conairí tagartha agus faisnéis theicniúil chuig na Ballstáit, i gcás inarbh infheidhme. Ní mór do na Ballstáit a bpleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta a chur isteach faoin 20 Meán Fómhair 2024, mura gcomhaontóidh an Ballstát agus an Coimisiún síneadh ama réasúnta a chur leis an sprioc-am. I gcomhréir lena gcreataí dlíthiúla náisiúnta, féadfaidh na Ballstáit a ndréachtphleananna meántéarmacha a phlé lena bparlaimintí náisiúnta, féadfaidh siad a iarraidh ar na hinstitiúidí fioscacha neamhspleácha tuairim a eisiúint, agus féadfaidh siad comhairliúchán a dhéanamh leis na comhpháirtithe sóisialta agus le geallsealbhóirí náisiúnta eile.

([5]) Moladh (AE) ón gComhairle an 12 Aibreán 2024 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C, C/2024/2807, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/2807/oj).

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 an 7 Iúil 1997 ón gComhairle maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L 209, 2.8.1997, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1997/1467/oj).

([7]) Treoir 2011/85/AE ón gComhairle an 8 Samhain 2011 maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát (IO L 306, 23.11.2011, lch. 41, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/85/oj).

([8]) Glanchaiteachas mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2) de Rialachán (AE) 2024/1263: ciallaíonn 'glanchaiteachas'caiteachas rialtais atá glan (i) ar úschaiteachas, (ii) ar bhearta lánroghnacha ioncaim, (iii) ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, (iv) ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár a chistíonn an tAontas, (v) ar ghnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus (vi) ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

(6) In 2024, tá an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch fós ag forbairt i gcomhréir le cur chun feidhme na Saoráide. Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go gcuidíonn na pleananna ó thaobh aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Tá moltaí tírshonracha 2019, 2020, 2022 agus 2023 fós chomh hábhartha céanna maidir leis na pleananna téarnaimh agus athléimneachta arna n-athbhreithniú, arna dtabhairt cothrom le dáta nó arna leasú i gcomhréir le hAirteagail 14, 18 agus 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(7) An 28 Bealtaine 2021, chuir an tSualainn a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin. An 4 Bealtaine 2022, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Cur Chun Feidhme maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Sualainne ([9]), a leasaíodh an 9 Samhain 2023 de bhun Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241 chun an ranníocaíocht uasta airgeadais le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha a nuashonrú, agus chun an chaibidil REPowerEU a chur san áireamh ([10]). Tá scaoileadh na dtráthchodanna ag brath ar chinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5) de Rialachán (AE) 2021/241, ina sonraítear go bhfuil na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle comhlíonta go sásúil ag an tSualainn. Ní féidir comhlíonadh sásúil a bheith i gceist ach sa chás nach ndeachthas siar ar ghnóthú na ngarspriocanna agus na spriocanna a gnóthaíodh roimhe sin.

(8) An 26 Aibreán 2024, thíolaic an tSualainn a Clár Náisiúnta um Athchóiriú 2024 agus thíolaic sí a Clár Cobhsaíochta 2024, i gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle ([11]). I gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241, is léiriú é Clár Náisiúnta um Athchóiriú 2024 ar thuairisciú leathbhliantúil na Sualainne maidir leis an dul chun cinn atá déanta ó thaobh a plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach.

(9) An 19 Meitheamh 2024, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2024 don tSualainn. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar dhul chun cinn na Sualainne ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha a ghlac an Chomhairle idir 2019 agus 2023, agus measadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Sualainne. Ar bhonn na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre bearnaí i ndáil leis na dúshláin sin nár tugadh aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, nó nár tugadh aghaidh orthu ann ach go páirteach, mar aon le dúshláin nua agus dúshláin atá ag teacht chun cinn. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na Sualainne ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn i dtreo Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

(10) Rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú maidir leis an tSualainn faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011. Príomhthorthaí an mheasúnaithe a rinne foireann an Choimisiúin chun críoch an Rialacháin sin, ar measúnú é ar leochaileachtaí maicreacnamaíocha atá ann i gcás na Sualainne, foilsíodh iad i mí an Mhárta 2024. An 19 Meitheamh 2024, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha sa tSualainn. Go háirithe, tá leochaileachtaí sa tSualainn a bhaineann lena margadh réadmhaoine agus lena fiachas príobháideach ard, a bhfuil tábhacht ag baint leo go fóill in ainneoin ceartúchán a rinneadh le déanaí, agus bhí an ghníomhaíocht bheartais chun aghaidh a thabhairt orthu teoranta. Tar éis méaduithe suntasacha le roinnt blianta anuas, tháinig laghdú ar phraghsanna réadmhaoine in 2022 agus 2023. Tháinig laghdú ar an bhfiachas san earnáil phríobháideach i gcoibhneas le OTI mar gheall ar an bhfás OTI ainmniúil, de dheasca boilsciú ard, agus tháinig ardú ar an leibhéal fiachais i dtéarmaí ainmniúla. Bhí tionchar diúltach ag an ardú tapa i rátaí úis ar sheirbhísiú fiachais teaghlach agus gnólachtaí réadmhaoine tráchtála, ar phraghsanna réadmhaoine, agus tá éileamh laghdaithe ann mar gheall ar an ardú sin. Tá rátaí úis athraitheacha agus morgáistí a mhaireann ar feadh tréimhse an-fhada tar éis brú a chur ar chúrsaí airgid tí, agus mar thoradh air sin tá laghdú tagtha ar an gcumas aisíocaíochta agus ar thomhaltas, rud a chuir leis an gcúlú eacnamaíoch in 2023. San am céanna, tá laghdú suntasach tagtha ar thógáil tithíochta nua. D'ainneoin na laghduithe le déanaí, tá ró-luacháil shuntasach fós á déanamh ar phraghsanna tithe, is cosúil nach bhfuil praghsanna réadmhaoine tráchtála coigeartaithe go hiomlán go fóill agus tá rioscaí ann maidir le seirbhísiú fiachais i gcás ina bhfanfaidh rátaí úis ard agus ina dtiocfaidh laghdú ar luachálacha. Tá an earnáil airgeadais neamhchosanta go mór ar an earnáil réadmhaoine, ach mar gheall ar a meadarachtaí láidre na hearnála airgeadais ba cheart go mbeidh sí mar sciath chosanta in aghaidh fhorleathadh fadhbanna réadmhaoine chuig an ngeilleagar i gcoitinne. Tá an dul chun cinn beartais teoranta, agus gan ghníomhaíocht níos déine, mairfidh na leochaileachtaí a sainaithníodh agus d'fhéadfadh sé go dtiocfaidh borradh arís ar éadáil tithíochta atá maoinithe ag fiachas agus ró-luacháil praghsanna tithíochta dá bharr. Bearta chun an soláthar tithíochta a mhéadú, rachaidh siad i bhfad maidir leis na fadhbanna sin a chosc. Ina

([9]) ST 7772/22 INIT agus ST 7772/22 ADD 1.

([10]) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 9 Samhain 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 4 Bealtaine 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Sualainne (ST 14474/23 INIT agus ST 14474/23 ADD 1).

([11]) Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú, a neartú (IO L 209, 2.8.1997, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1997/1466/oj).

theannta sin, tá éadáil tithíochta atá maoinithe ag fiachas agus úinéireacht tí á gcur chun cinn tríd an gcóras cánachais, mar gheall ar in-asbhainteacht shuntasach cánach íocaíochtaí úis morgáiste. Ní dhearnadh athchóiriú ar an margadh cíosa.

(11) De réir sonraí arna mbailíochtú ag Eurostat, tháinig laghdú ar easnamh rialtais ghinearálta na Sualainne ó bharrachas 1,2 % de OTI in 2022 go heasnamh 0,6 % in 2023, agus tháinig laghdú ar an bhfiachas rialtais ghinearálta ó 33,2 % de OTI ag deireadh 2022 go 31,2 % ag deireadh 2023.

(12) An 12 Iúil 2022, mhol an Chomhairle ([12]) go ndéanfadh an tSualainn gníomhaíocht chun a áirithiú go mbeadh fás an chaiteachais phríomha reatha a mhaoinítear go náisiúnta i gcomhréir le seasamh foriomlán neodrach beartais fhioscaigh ([13]) in 2023, agus tacaíocht leanúnach shealadach spriocdhírithe á cur san áireamh le haghaidh na dteaghlach agus na ngnólachtaí is leochailí i dtaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh agus le haghaidh daoine atá ag teitheadh ón Úcráin. Ba cheart don tSualainn a bheith ar tinneall chun an caiteachas reatha a chur in oiriúint don staid atá ag síorathrú. Mhol an Chomhairle chomh maith go leathnódh an tSualainn freisin infheistíocht phoiblí le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, agus tionscnamh REPowerEU á chur san áireamh, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí leas a bhaint as an tSaoráid agus as cistí eile de chuid an Aontais. In 2023, de réir na réamh-mheastachán ón gCoimisiún, bhí an staid fhioscach ([14]) neodrach den chuid is mó, ag 0 % de OTI. Leis an bhfás ar chaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim) in 2023, soláthraíodh rannchuidiú neodrach den chuid is mó de 0,1 % de OTI leis an staid fhioscach agus bhí sé i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022. Is éard ba chúis leis an rannchuidiú neodrach sin leis an gcaiteachas reatha príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta ná laghdú de 0,3 pointe céatadáin de OTI sna bearta tacaíochtaí éigeandála (spriocdhírithe agus neamhdhírithe) do theaghlaigh agus gnólachtaí mar fhreagairt ar arduithe ar phraghsanna fuinnimh, rud a fritháiríodh go páirteach le sraith beart níos lú, *inter alia* laghdú ar an gcáin fuinnimh ar bhreosla. Is éard a bhí i gceist leis an infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta 4,9 % de OTI in 2023, is é sin méadú 0,2 pointe céatadáin ó 2022 ar aghaidh. Chuir an tSualainn maoiniú poiblí ar fáil don aistriú glas agus don aistriú digiteach, agus don tslándáil fuinnimh, amhail scéim na Léime Tionscail agus scéim na Léime Aeráide, agus chuir sí maoiniú ar fáil do thionscadal aeráide agus teicneolaíocht astaíochtaí ísle i dtionscail, agus i leathnú leathanbhanda. Níor chuir an tSualainn iarraidh isteach ar íocaíocht go fóill faoin tSaoráid.

(13) I gClár Cobhsaíochta 2024, sa chás maicreacnamaíoch atá mar bhonn taca leis na réamh-mheastacháin bhuiséadacha, tuartar go bhfásfaidh an fíor-OTI 0,7 % in 2024 agus 2,5 % in 2025, agus tuartar go mbeidh boilsciú KPIF (boilsciú ar phraghsanna do thomhaltóirí gan costais úis) ag 2,1 % in 2024 agus 1,7 % in 2025. Meastar go dtiocfaidh méadú ar an easnamh rialtais ghinearálta go 1,2 % de OTI in 2024 agus go 0,3 % de OTI in 2025, agus tá an cóimheas idir fiachas an rialtais ghinearálta agus OTI le méadú go 32,0 % faoi dheireadh 2024 agus go 31,4 % faoi dheireadh 2025. Tar éis 2025, réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú ar an mbarrachas rialtais ghinearálta go 0,7 % de OTI in 2026, agus go dtiocfaidh méadú air go 1,7 % in 2027. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe go bhfanfaidh an comhardú rialtais ghinearálta faoi bhun luach tagartha easnaimh an Chonartha de 3 % de OTI thar thréimhse an chláir. Dá bhrí sin réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú, tar éis 2025, ar an gcóimheas idir fiachas an rialtais ghinearálta agus OTI go 30,0 % de OTI in 2026 agus 28,0 % in 2027.

(14) Tuartar i réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún go méadóidh an fíor-OTI faoi 0,2 % in 2024 agus 2,1 % in 2025, agus go seasfaidh boilsciú arna thomhas leis an innéacs comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí (ICPT) ag 2,0 % in 2024 agus 1,8 % in 2025.

(15) Tuartar i réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún go mbeidh easnamh rialtais ghinearálta de 1,4 % de OTI ann in 2024, rud a léiríonn *inter alia* fás ar an ioncam cánach atá ag lagú agus caiteachas méadaithe, go háirithe ar phinsin innéacsnasctha san fho-earnáil réigiúnach agus bhardasach, agus meastar go méadóidh an cóimheas idir fiachas an rialtais ghinearálta agus OTI go dtí 32 % faoi dheireadh 2024. De réir mheastacháin an Choimisiúin, réamh-mheastar go mbeidh an staid fhioscach forleathnaitheach ag 0,6 % de OTI in 2024.

(16) Meastar go maoineofar caiteachas ar fiú 0,1 % de OTI é le tacaíocht neamh-inaisíoctha ('deontais') faoin tSaoráid in 2024, i gcomparáid le 0,1 % de OTI in 2023, de réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún. Le caiteachas a mhaoinítear le deontais faoin tSaoráid, beifear in ann infheistíocht ardcháilíochta agus athchóirithe a dhéanamh lena gcuirfear leis an táirgiúlacht gan tionchar díreach a bheith aige ar chomhardú rialtais ghinearálta nó fiacha na Sualainne.

([12]) Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022 maidir le Clár Náisiúnta 2022 um Athchóiriú de chuid na Sualainne agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár um Chóineasú 2022 de chuid na Sualainne (IO C 334, 1.9.2022, lch. 221).

([13]) Ar bhonn réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún, meastar gurbh é 7,7 % i dtéarmaí ainmniúla a bhí san fhás aschuir féideartha meántéarmach sa tSualainn in 2023, bunaithe ar an meánráta fáis ionchasach iarbhír 10 mbliana agus ar dhíbhoilsceoir OTI 2023.

([14]) Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm dó measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an fás féideartha meántéarmach agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta ioncaim lánroghnacha (agus gan bearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 a áireamh) agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid agus le cistí eile an Aontais. Léiríonn comhartha diúltach ar an táscaire beartas fioscach forleathnaitheach ach léiríonn comhartha dearfach ar an táscaire beartas fioscach crapthach.

(17) An 14 Iúil 2023, mhol an Chomhairle don tSualainn ([15]) seasamh fioscach fónta a choinneáil ar bun in 2024. Agus a mbuiséid le haghaidh 2023 á gcur i bhfeidhm acu agus a mbuiséid do 2024 á n-ullmhú acu, iarradh ar na Ballstáit a chur san áireamh go molfadh an Coimisiún don Chomhairle tús a chur le nósanna imeachta um easnamh iomarcach easnamh-bhunaithe, agus iad de bhun na sonraí olltoraidh do 2023. De réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go mbeidh comhardú struchtúrach na Sualainne ag 0,0 % de OTI in 2024, ó 0,1 % in 2023, agus ar an gcaoi sin, os cionn chuspóir buiséadach meántéarmach na tíre maidir le comhardú struchtúrach - 1 % de OTI. Tá sé sin i gcomhréir leis an méid a mhol an Chomhairle.

(18) Thairis sin, mhol an Chomhairle don tSualainn gníomhaíocht a dhéanamh chun na bearta tacaíochta fuinnimh éigeandála atá i bhfeidhm a fhoirceannadh a luaithe is féidir in 2023 agus 2024. Mhol an Chomhairle thairis sin, dá mbeadh gá le bearta tacaíochta nua nó leantacha chun dul i ngleic le méaduithe a thiocfadh an athuair ar phraghsanna fuinnimh, gur cheart don tSualainn a áirithiú go mbeidh na bearta tacaíochta sin dírithe ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha a chosaint, go mbeidís inacmhainne go fioscach, agus go gcaomhnófaí leo dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh. De réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún, meastar gur lú ná 0,1 % de OTI a bhí i nglanchostas buiséadach ([16]) na mbeart tacaíochta éigeandála fuinnimh in 2023 agus réamh-mheastar go mbeidh sé faoi bhun 0,1 % de OTI in 2024 agus 0 % de OTI in 2025. Rinneadh na bearta tacaíochta éigeandála fuinnimh a fhoirceannadh in 2023 agus 2024. Tá sé sin i gcomhréir leis an méid a mhol an Chomhairle.

(19) Ina theannta sin, mhol an Chomhairle freisin don tSualainn infheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta a chaomhnú agus a áirithiú go n-ionsúfar deontais faoin tSaoráid agus ó chistí eile de chuid an Aontais go héifeachtach, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chothú. De réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún, maidir le hinfheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú uirthi ó 4,9 % de OTI in 2023 go 5,1 % de OTI in 2024. Tá sé sin i gcomhréir leis an méid a mhol an Chomhairle. Dá réir sin, maidir le caiteachas poiblí a mhaoinítear le hioncam ó chistí an Aontais, lena n-áirítear deontais faoin tSaoráid, meastar go bhfanfaidh sé cobhsaí ag 0,2 % de OTI in 2024.

(20) Ar bhonn na mbeart beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise agus na tuisceana nach mbeidh aon athrú beartais ann, tuartar i réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún, le haghaidh 2025, gurb é 0,9 % de OTI a bheidh san easnamh rialtais ghinearálta agus gurb é 31,3 % a bheidh sa chóimheas idir fiachas an rialtais ghinearálta agus OTI, le tacaíocht ón téarnamh eacnamaíoch a bhfuiltear ag súil leis.

(21) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Meastar go gcuideoidh na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Laistigh den tréimhse dhocht sin, tá sé ríthábhachtach dul ar aghaidh go pras le cur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, chun borradh a chur faoi iomaíochas fadtéarmach na Sualainne leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus cothroime shóisialta á háirithiú san am céanna. Chun gealltanais an phlean a chomhlíonadh faoi mhí Lúnasa 2026, tá sé ríthábhachtach don tSualainn dlús suntasach a chur le cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí. Tá rannpháirtíocht chórasach na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha eile ríthábhachtach i gcónaí i ndáil le húinéireacht leathan a áirithiú maidir le cur chun feidhme rathúil an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

(22) Mar chuid den athbhreithniú meántéarma ar chláir beartais comhtháthaithe, i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([17]), tá sé de cheangal ar an tSualainn gach clár a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE +), ón gCiste Comhtháthaithe agus ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC) a athbhreithniú faoi mhí an Mhárta 2025, agus na dúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2024, le cois nithe eile, á gcur san áireamh aige, mar aon lena plean náisiúnta fuinnimh agus aeráide. Is é an t-athbhreithniú sin is bunús le leithdháileadh críochnaitheach an chistithe ón Aontas atá san áireamh i ngach clár. Tá dul chun cinn déanta ag an tSualainn maidir le cláir beartais comhtháthaithe agus Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme, ach tá dúshláin ann go fóill agus tá éagothromaíochtaí réigiúnacha fós ann idir réigiún na príomhchathrach agus an chuid eile den tír. Tá sé tábhachtach dlús a chur le cur chun feidhme chláir an bheartais comhtháthaithe, agus tá na tosaíochtaí a aontaíodh sna cláir fós ábhartha. Tá sé ríthábhachtach leanúint ar aghaidh ag tacú le nuálaíocht chun an tsochaí a ghlasú a thuilleadh, agus

([15]) Moladh ón gComhairle an 14 Iúil 2023 maidir le Clár Náisiúnta na Sualainne um Athchóiriú don bhliain 2023 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár um Chóineasú 2023 de chuid na Sualainne (IO C 312, 1.9.2023, lch. 252).

([16]) Léiríonn an figiúr leibhéal chostas buiséadach bliantúil na mbeart sin, lena n-áirítear ioncam agus caiteachas agus, i gcás inarb infheidhme, glan ar an ioncam ó chánacha ar bhrabúis amhantair soláthróirí fuinnimh.

([17]) Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1060/oj).

é mar aidhm geilleagar aeráidneodrach a bhaint amach, agus leanúint d'aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí socheacnamaíocha réigiúnacha agus éagothromaíochtaí idir limistéir uirbeacha agus neamhuirbeacha. Ina theannta sin, tá sé tábhachtach go leanfar den uas-sciliú agus ath-sciliú a chur chun cinn, agus béim á leagan ar ghrúpaí leochaileacha, go háirithe orthu siúd a mbaineann cúlra imirceach leo. D'fhéadfadh an tSualainn an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip a úsáid, arna bhunú ag Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([18]), chun borradh a chur faoi infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí a thacaíonn leis an aistriú glas. Tá tábhacht ag baint le teicneolaíochtaí atá glan agus tíosach ar acmhainní, lena n-áirítear slabhraí luacha a neartú agus aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna, a fhorbairt agus a mhonarú le haghaidh inbhuanaitheacht agus iomaíochas fadtéarmach réigiúin na Sualainne agus dá bhfiontair bheaga agus mheánmhéide.

(23) Chomh maith leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus le cistí eile de chuid an Aontais, tá roinnt dúshláin bhreise le sárú ag an tSualainn i ndáil leis na nithe seo a leanas: (a) torthaí oideachais daltaí atá ag dul in olcas, go háirithe daltaí ó chúlra socheacnamaíoch faoi mhíbhuntáiste nó a mbaineann cúlra imirceach leo; (b) bearnaí scileanna, atá i bhfad ní ba shuntasaí dóibh siúd ó chúlra socheacnamaíoch faoi mhíbhuntáiste nó a mbaineann cúlra imirceach leo; agus (c) astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú.

(24) De réir thorthaí Chlár Idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí (PISA) 2022, is ag dul in olcas atá bunscileanna scoláirí na Sualainne ó bhí 2018 ann. Tháinig an laghdú is mó ar scileanna matamaitice, áit a raibh cion na scoláirí atá ag tearcfheidhmiú i bhfad os cionn mheán an Aontais. Tá ardú níos mó arís tagtha ar ann ráta tearcfheidhmíochta do scoláirí ó chúlra socheacnamaíoch faoi mhíbhuntáiste, agus tá bearna an-mhór ann idir scoláirí a rugadh sa tír agus scoláirí a mbaineann cúlra imirceach leo. Thairis sin, tá baol ann go mbeidh tionchar diúltach ag an nganntanas leanúnach múinteoirí cáilithe ar cháilíocht an chórais oideachais agus feidhmíocht scoláirí.

(25) In 2022, bhí torthaí ró-íseal nó neamhiomlána ag 15 % de scoláirí a chríochnaigh san oideachas meánscoile sinsearach, rud a d'fhág nach raibh rochtain acu ar an oideachas meánscoile sóisearach. Bíonn tionchar aige sin go háirithe ar mhic léinn a bhfuil cúlra socheacnamaíoch agus imirceach faoi mhíbhuntáiste acu. Tá na mic léinn sin faoi ghannionadaíocht i scoileanna príobháideacha freisin, áit a mbíonn dóchúlacht níos airde ann go n-éireoidh le scoláirí breisoideachas a bhaint amach. Ós rud é go mbíonn gá le cáilíocht meánscoile sinsearaí nó cáilíocht ardoideachais i bhformhór na bpost sa tSualainn, fágann an bearna sin sa leibhéal gnóthachtála oideachais go bhfuil baol níos airde ann nach mbeifear in ann post a aimsiú, rud a mbíonn tionchar diúltach aige ar an gcomhtháthú.

(26) Tá bearnaí móra ann idir grúpaí éagsúla ó thaobh scileanna de agus ó thaobh gnóthachtála oideachais de. Tá na bearnaí sin níos mó i gcás daoine óga a rugadh lasmuigh den Aontas, ar lú an dóchúlacht go mbeidh an t-oideachas meánscoile sinsearach bainte amach acu agus ar lú an dóchúlacht go mbeidh siad i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna i gcomparáid leo siúd a rugadh sa tSualainn. Mar thoradh air sin, laghdaítear a ndeiseanna fostaíochta, rud atá ina riosca d'acmhainneacht na Sualainne a hiomaíochas inbhuanaithe a fheabhsú a thuilleadh. Thairis sin, cuireann na bearnaí scileanna sin le ganntanas lucht saothair, rud atá le feiceáil go háirithe sna hearnálacha tionsclaíochta agus seirbhísí, agus tá an méid sin ina dhúshlán mór maidir le forbairt na réigiún is faide ó thuaidh sa tSualainn agus aistriú tionsclaíoch glas na réigiún sin.

(27) Leis na beartais reatha, ní dócha go mbainfidh an tSualainn amach a cuid spriocanna do 2030 faoi bheartas an Aontais chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú ('spriocanna astaíochtaí 2030'). Tá gá fós le cásanna cuimsitheacha nuashonraithe maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ina gcuirtear athruithe beartais in 2023 agus 2024 san áireamh, ós rud é go ndíríonn plean ghníomhaíochta aeráide an rialtais atá ar fáil faoi láthair ar thréimhse níos faide go dtí 2045, gan chásanna cáilitheachta maidir le conairí astaíochta don tréimhse go dtí 2030. Is cosúil, áfach, go ndearbhaítear le roinnt staidéir arna ndéanamh ag comhlachtaí oifigiúla agus neamhspleácha go mbeidh easnamh suntasach i gcomhlíonadh spriocanna astaíochtaí 2030 mar thoradh ar bheartais reatha na Sualainne. Tá laghduithe astaíochtaí in iompar de bhóthar ríthábhachtach má tá an tSualainn chun spriocanna astaíochtaí 2030 a bhaint amach. Tá iompar ar bóthar ina chúis le dhá thrian den éileamh fuinnimh ar tháirgí ola agus peitril, arb é an príomhfhoinse astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreosla iontaise sa tSualainn.

([18]) Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241 (IO L, 2024/795, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/795/oj).

(28) Cé go bhfuil an scair fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite sa tomhaltas fuinnimh iomlán is airde san Aontas ag an tSualainn, tá acmhainneacht fós ann d'fhoinsí in-athnuaite. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as an acmhainneacht sin chun tacú leis an leictriú tionscal atá ar siúl sa tSualainn faoi láthair, agus leis na forbairtí tionscail agus dícharbónú tionscail glas nuálaíoch i dtuaisceart na Sualainne, a bhfuil táirgeadh leictreachais níos mó de dhíth orthu. Tá roinnt bacainní fós ann ar acmhainneacht táirgeachta fuinnimh in-athnuaite na tíre a mhéadú. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh sé nach n-éireoidh leis an tSualainn a hacmhainneacht ghaoithe a mhéadú 13 GW agus a hacmhainn cumhachta gréine a mhéadú thart ar 5 GW idir 2021 agus 2030, mar atá beartaithe. Tá bacainní ceadaithe ar chumhacht gaoithe amach ón gcósta agus ar tír ar cheann de na bacainní sin. Eascraíonn na bacainní sin as nósanna imeachta ceadaithe neamhéifeachtúla agus cearta crosta bardas agus údarás cosanta, i measc nithe eile.

(29) I bhfianaise ghrinn-athbhreithniú an Choimisiúin agus a chonclúidí maidir le míchothromaíochtaí a bheith ann, léirítear moltaí faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 i moladh (1). Cuidíonn beartais dá dtagraítear i moladh (1) le haghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí a bhaineann le hardfhiachas tí agus le hardluacháil ar réadmhaoin,

AG MOLADH LEIS SEO go nglacfaidh an tSualainn gníomhaíocht in 2024 agus in 2025 chun:

1. An plean struchtúrach fioscach meántéarmach a thíolacadh go tráthúil. Rioscaí a bhaineann le fiachas teaghlaigh ard agus míchothromaíochtaí sa mhargadh tithíochta a laghdú trí in-asbhainteacht chánach d'íocaíochtaí úis morgáiste a laghdú nó trí chánacha athfhillteacha maoine a mhéadú, agus uirlisí leordhóthanacha á mbunú le haghaidh measúnú agus spriocdhíriú beartais níos fearr. Infheistíocht i bhfoirgníocht chónaithe a spreagadh chun na ganntanais is práinní a éascú, go háirithe trí dheireadh a chur le bacainní struchtúracha ar an bhfoirgníocht. Feabhas a chur ar éifeachtúlacht an mhargaidh tithíochta, lena n-áirítear trí athchóirithe a thabhairt isteach ar an margadh cíosa.

2. I bhfianaise moilleanna fada, dlús a chur leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go pras agus go héifeachtach, an chaibidil REPowerEU san áireamh, lena n-áiritheofar go dtabharfar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí chun críche faoi mhí Lúnasa 2026. Dlús a chur le cur chun feidhme na gclár beartais comhtháthaithe. I gcomhthéacs athbhreithniú meántéarma na gclár sin, leanúint de bheith ag díriú ar na tosaíochtaí a comhaontaíodh, agus na deiseanna a chuireann an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip ar fáil chun feabhas a chur ar an iomaíochas á gcur san áireamh san am céanna.

3. Torthaí oideachais a fheabhsú, lena n-áirítear do dhaltaí a mbaineann cúlra socheacnamaíoch agus imirceach faoi mhíbhuntáiste leo, trí aghaidh a thabhairt ar an nganntanas leanúnach múinteoirí cáilithe, trí dheiseanna rochtana comhionanna a áirithiú sa chóras scolaíochta agus trí thuilleadh tacaíochta a chur ar fáil chun go mbeidh scoláirí in ann aistriú chuig an oideachas meánscoile sinsearach. Scileanna an lucht saothair a fhorbairt, go háirithe daoine a mbaineann cúlra socheacnamaíoch agus imirceach faoi mhíbhuntáiste leo, trí bhearta beartais agus acmhainní spriocdhírithe, d'fhonn cuidiú leo iad féin a lánpháirtiú sa mhargadh saothair.

4. A áirithiú go mbaintear amach na spriocanna maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú go háirithe trí astaíochtaí ó iompar ar bóthar a laghdú agus trí nósanna imeachta ceadaithe le haghaidh foinsí in-athnuaite fuinnimh a luathú agus a shruthlíniú, go háirithe le haghaidh fuinnimh gaoithe amach ón gcósta agus ar tír.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 21 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

NAGY I.